

Tuarascáil ón Toscaire Ocráis  
Tuarascáil i gcomhair Rialtas na hÉireann



Clúdach: Mildred Malanga agus a mac Kwamas (2) ón tSaimbia a fuair  
scotháin casabhaigh ardchaighdeán le tacaíocht ó Chúnamh Éireann.  
Grianghraf: Daniel Rowan

## Brollach

I mí Eanáir 2009, ba mhór an onóir dom é gur iarr an tAire Gnóthaí Eachtracha Micheál Martin agus an tAire Stáit d'Fhorbairt Choigríche Peter Power orm glacadh leis an ról mar Thoscaire Speisialta Ocras na hÉireann. Roimhe sin, bhí mé i mo bhall de Thascfhórsa Ocras Rialtas an hÉireann, tascfhórsa a sheol tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2008 mar ar leagadh amach roinnt beart a mheas sé ba chóir d'Éirinn a chur i gcrích chun go mbeadh freagairt na hÉireann do ghéarchéim dhomhanda an ocrais ina fhreagairt níos éifeachtaí.

Ar na nithe ar leith a mhol an tascfhórsa go ndíreofaí orthu tá siad seo a leanas:

- Cur le táirgiúlacht talmhaíochta na sealbhóirí beaga, go príomha banfheirmeoirí san Afraic;
- Cláir a chur i bhfeidhm a bheadh spriocdhírthe ar mhíchothú máthar agus linbh; agus
- Fíorthiomantas polaitiúil a chinntiú, ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun go beadh tús áite mar is cóir ag an ocras.

An sainchúram ormsa mar Thoscaire Speisialta Ocras ná obair leis an mbeirt Airí chun Tuarascáil an Tascfhórsa Ocras a bhrú chun tosaigh, agus comhairle a sholáthar faoi cheachtanna atá foghlamtha a d'fhéadfadh bheith ina mbonn is ina dtaca do ghníomhaíochtaí agus beartas laghdaithe ocrais amach anseo.

Agus mé i mbun mo chuid oibre bhí an deis agam cuairt a thabhairt ar chláir na hÉireann san Aetóip, i Leosóta, sa Mhaláiv agus sa Tansáin; bhí plé idir mé agus ionadaithe ó rialtais óstacha, deontóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil agus oifigigh sna Ranna de Rialtas na hÉireann is mó a bhíonn ag plé le hiarrachtaí laghdaithe ocrais; bhí plé idir mé agus príomhghníomhaireachtaí bia na NA ag féachaint le hailíniú níos fearr a bheith ann ar thosaíochtaí ama lua ag an Tascfhórsa Ocras sna cláir acu; agus thug mé cuairt ar roinnt de na hinstitiúidí lárnaacha a bhíonn i mbun taighde talmhaíochta idirnáisiúnta, ar institiúidí iad a bhíonn ag déileáil le saincheistanna slándála bia agus a bhfuil comhpháirtíocht acu le Cúnamh Éireann. Ar feadh na tréimhse, d'fhéach mé le freagairt chomhordaithe a fhorbairt i leith Thuarascáil an Tascfhórsa Ocras, agus comhairle a thabhairt faoi chur i bhfeidhm a mholtaí

Sa tuarascáil seo déantar iarracht príomhghnéithe fhreagairt na hÉireann go dtí seo a nascadh le chéile agus réimsí a bhféadfaí níos mó airde a tharraingt orthu amach anseo, dar liomsa, a shainiúint.

Ó mo thaití le dhá bhliain anuas, daingníodh mo dhearcadh go bhfuil ról ríthábhachtach ag Éirinn sna hiarrachtaí dul i ngleic le hocras domhanda. Tá Éire an-ghníomhach cheana féin, i raon leathan clár agus tionscnamh taighde, agus aithnítear ar fud an domhain an tír mar cheannaire an-láidir polaitiúil idirnáisiúnta ar an gceist seo agus táimid suite go maith chun fóirdhíríocht a dhéanamh deireadh a chur le ceann de scannail is mó ár linne.



**Kevin Farrell**

Toscaire Speisialta Ocras  
Samhain 2010



Kevin Farrell le hoifigh Talmhaíochta Tigrayan worda in Sassie Tsade  
Amba, An Aetóip, Bealtaine 2009. Grianghraf: Simon Clements

<b>Achoimre Fheidhmeach</b>	<b>04</b>
<b>1 Cúlra</b>	<b>07</b>
1.1 Tascfhórsa Ocras na hÉireann	07
1.2 Ról an Toscaire Speisialta	08
1.3 Tuarascáil Reatha	08
<b>2 Ocras Domhanda – cad atá tarlaithe ó foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocras?</b>	<b>09</b>
2.1 Cúrsaí mar atá i 2010	09
2.2 Cad a tharla i dtír réimse fócais Thuarascáil an Tascfhórsa Ocras?	10
Talmhaíocht	10
Míchothú	10
Rialachas & Ceannaireacht	10
2.3 Tosca eile a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid	14
<b>3 Conas a d'fhreagair Éire do Thuarascáil an Tascfhórsa Ocras?</b>	<b>15</b>
3.1 Cur le Táirgiúlacht Talmhaíochta na Sealbhóirí Beaga	15
3.2 Spriocdhírú ar Mhíchothú Máthar agus Linbh	17
3.3 Bearta Rialachais agus Ceannaireachta a Chur Chun Cinn	18
<b>4 Conclúidí agus Moltaí</b>	<b>19</b>
4.1 Cur le Táirgiúlacht Talmhaíochta na Sealbhóirí Beaga	20
4.2 Spriocdhírú ar Mhíchothú Máthar agus Linbh	21
4.3 Bearta Rialachais agus Ceannaireachta a Chur Chun Cinn	22
4.4 Tosaíochtaí Eile	22
<b>Iarscríbhinn 1: Clár Oibre</b>	<b>24</b>
<b>Iarscríbhinn 2: Baill an Tascfhórsa Ocras</b>	<b>34</b>
<b>Iarscríbhinn 3: Téarmaí Tagartha an Toscaire Speisialta Ocras</b>	<b>35</b>
<b>Acrainmneacha</b>	<b>36</b>

## Achoimre Fheidhmeach

Seoladh tuarascáil an Tascfhórsa Ocras (TFO) i mí Mheán Fómhair 2008 agus chuir sin sa siúl roinnt forbairtí suntasacha i gcur chuige na hÉireann i leith na géarchéime domhanda slándála bia. Ar na nithe ríthábhachtacha sna forbairtí sin bhí gur ghlac Rialtas na hÉireann, mar cheann de bhunchlocha bheartas eachrach na tíre, an t-ocras mar thosaíocht ar leith ina chlár forbartha coigríche, agus gur thug gealltanais ar a laghad 20% dá CFC a bheith á chaitheamh ar ocras faoin mbliain 2012.

Bunaíodh Aonad Ocras i gCúnamh Éireann chun bainistiú sonracha a dhéanamh ar fhreagairt an Rialtais, agus glacadh treo láidir beartais ar fud an chláir chúnaimh choigríche agus sa Roinn Gnóthaí Eachracha i gcoitinne i leith na tosaíochta nua seo. I gcomhthráth leis seo, mhéadaigh Éire go mór a hiarrachtaí i réimsí éagsúla chun stocaireacht a dhéanamh le go gcuirfí feabhas ar an bhfreagairt dhomhanda i leith na géarchéime.

Díol suntas ná gur thosaigh formhór na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha ar phróiseas comhchosúil ach le fócas i bhfad níos mó ar chlár agus ar iarrachtaí stocaireachta chun dul i ngleic le cúiseanna agus tionchair an ocras.

D'ainneoin sin, go déanach sa bhliain 2010, bhí cúrsaí bia fanta go holc. Níl aon fhíordhul chun cinn déanta i leith laghdú aon phríomhtháscairí an ocras. Mar sin féin, tá breis is 925 milliún duine, nó 14% de dhaonra an domhain, míchothaithe, laghdú an-bheag ón bhfigiúr ón mbliain 2009. Ciallaíonn seo go bhfaigheann suas le 10,000 leanbh bás gach lá mar thoradh ar an míchothú.

Faraor féin, tá na méaduithe beaga foriomlána i dtáirgeadh bia ar fud an domhain á bhfritháireamh ag na rátaí fiú níos airde d'fhás an daonra. Anuas air seo, braitear go háirithe tionchair an athraithe aeráide i roinnt mhaith de na limistéir den domhan atá imeallaithe nó róshaothraithe, na limistéir chéanna a bhfuil fadhb na neamhshlándála bia agus an mhíchothaithe ina bhfadhbanna móra iontu.

Ach ní drochscéal amach is amach é, tá roinnt dea-scéalta ann freisin. Mar shampla, tá an t-infheistiú sa talmhaíocht, rud a laghdaigh go mór sa tréimhse céad bliain roimhe sin, ag méadú go measartha arís. Seo mar thoradh ar mhéaduithe ó na rialtais féin sa leithdháileadh buiséid, agus ó dheontóirí seachtracha atá ag léiriú fórghealltanais dealraitheach cúlú a dhéanamh ar an treocht a bhí ann de thearc-infheistiú sna blianta roimhe sin san earnáil.

Ar an gcaoi chéanna, an taithí againn ná, i measc roinnt de na tíortha i mbéal forbartha agus roinnt príomhdheontóirí, ná go bhfuil céimeanna á nglacadh chun dul i ngleic le míchothú ar bhonn níos díri – aitheantas gurb é an caiteachas ar chothú an t-infheistiú is mó amháin a ghinfidh torthaí ó thaobh laghdú na bochtaineachta de.

Céard faoi iarrachtaí na hÉireann?

Ar an gcéad dul síos, i ndáil le freagairt an chláir, an rud is tábhachtaí ar fad ná go bhfuil glactha leis gur chóir tús áite a thabhairt don ocras agus go bhfuiltear ag glacadh leis go gníomhach laistigh den chlár cúnamh déthaobhach agus tá formhór na gcomhpháirtithe neamhrialtasacha ag glacadh leis chomh maith.

I gcás cláir forbartha i roinnt de thíortha comhpháirteacha na hÉireann tá an fócas láidir seo ar ocras agus ar shlándáil bia follasach agus tá obair thar a bheith nuálach, éifeachtach ar bun cheana féin. I dtíortha eile, áit nach raibh an tslándáil bia ina tosaíocht ard náisiúnta ná cláir, is léir go bhfuil iarrachtaí ar bun anois chun cláir a atreorú le go n-áireofaí freagairt níos fearr don ocras.

Ar an dara dul síos, agus rud atá ina léiriú thar a bheith tábhachtach gur athraíodh tosaíochtaí, ó sheol Éire tuarascáil an TFO, bhí an tír níos gníomhaí ná riamh ina hiarrachtaí ‘difríocht a dhéanamh’ i ndáil le cothú. D’áirigh seo tacú lena athrú tosaíochtaí i bpleanáil agus buiséadú rialtais, cur chun cinn clár agus tionscadal le torthaí soiléire cothaithe, cuimsiú cuspóirí cothaithe i gcláir reatha talmhaíochta agus slite beatha, agus tacú le hiarrachtaí míchothú a chur ag barr cláir oibre éagsúla idirnáisiúnta.

Ar an tríú dul síos, i gcomhar le hidirghabhálacha cláir agus obair chomhlántach atá ar siúl chun mionoirúnaithe beartais a chur chun cinn ag leibhéal na tíre, sa dá bhliain atá díreach imithe tharainn méadaíodh an iarracht stocaireachta le deontóirí comhpháirteacha. D’fhéadfaí a rá gur san earnáil seo, mar spreagthóir an athraithe sa chur chuige domhanda i leith an ocrais, go bhfuil Éire tar éis a tionchar is mó a bheith aici. Le déanaí, agus níos suntasaí b’fhéidir, cruthaíodh dlúthchaidrimh le Stáit Aontaithe Mheiriceá ag tabhairt tús áite d’ocras agus do shlándáil bia, agus go háirithe an fócas ar chosc agus laghdú an mhíchothaithe ainsealaigh.

A bheag nó a mhór, léirigh an cur chuige nua seo i leith laghdú na bochtaineachta atá á ghlacadh ag formhór na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha, an fócas níos soiléire atá leagtha amach ag an Tascfhórsa Ocras. Is riléir anois i smaointeoireacht na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha an aird atá á tharraingt ar roinnt de na moltaí agus na tosaíochtaí sonracha m.sh. banfheirmeoirí, micrea-airgeadú agus forbairt margaidh, agus cur chun cinn na rochtana níos fearr ar bhia agus cosc an mhíchothaithe.

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha ag leanúint orthu ag glacadh ról láidir luachmhar, inter alia, san iarracht le go gcuirfí níos mó acmhainní ar fáil go hidirnáisiúnta agus in Éirinn chun dul i ngleic le hocras, do chomhleanúnachas níos fearr beartais, do fhreagairtí níos comhordaithe ó chomhlachtaí iltaobhacha, agus níos tábhachtaí fós do thús áite níos fearr a thabhairt do shlándáil bia agus do chothú i rialtais na dtíortha i mbéal forbartha.

Fad atáthar ag athdhearbhú ábharthacht leanúnach na dtrí réimse leathana i bhfreagairt ocras na hÉireann mar a mhol an Tascfhórsa Ocras, liostaíonn an tuarascáil reatha roinnt moltaí le haghaidh beart a meastar a fheabhsódh iarrachtaí an Rialtais agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha araon.

Áiríonn siad seo iarracht stuama tuiscint a fháil ar thionchar na gclár atá ar bun faoi láthair, agus ceachtanna a fhoghlaim uathu, sa talmhaíocht agus sa chothú, seasamh láidir le príomhról na hÉireann i ndáil le freagairt ar scála níos mó don chothú, agus spreagadh breise do chomhlachtaí rialtais agus neamhrialtasacha araon leanúint orthu ag plé na saincheisteanna a meastar iad a bheith ina réitigh éifeachtacha ar an gcatastróf domhanda seo.



# Caibidil 1 Cúlra

## 1.1 Tascfhórsa Ocras na hÉireann

I bPáipéar Bán 2006 ar Chúnamh Éireannluadh ocras agus slándáil bia mar bhunghnéithe den dúshlán domhanda atá romhainn ó thaobh na forbartha de. Dá bhun seo, bhunaigh Rialtas na hÉireann Tascfhórsa Ocras (TFO), a thugann le chéile saineolas na hÉireann agus saineolas idirnáisiúnta, chun a fháil amach cén cion breise, iomchuí, éifeachtach is féidir le hÉirinn a dhéanamh i leith na n-iarrachtaí idirnáisiúnta le hocras domhanda a laghdú, ag díriú go háirithe ar an Afraic<sup>1</sup>.

Le linn 2007 agus 2008 chuir an TFO a chuid oibre i gcrích agus d'éirigh go maith le seoladh a Thuarascáil i mí Mheán Fómhair 2008 ag Ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe (NA) i Nua-Eabhrac i láthair an Taoisigh agus Ard-Rúnaí na NA.

Luaigh an Tascfhórsa **trí cinn de thosaíochtaí sonracha** a mheas sé a mbeadh fíorthionchar acu ó thaobh ocras a laghdú de:

- **Cur le táirgiúlacht talmhaíochta na sealbhóirí beaga** go háirithe san Afraic –rud a leagan béim ar gur mná iad formhór mór na sealbhóirí beaga san Afraic;
- **Spriodhíriú ar mhíchothú máthar agus linbh** – ag aithint na tábhachta a bhaineann le cothú, go háirithe le linn toirchis agus sa chéad 24 mí de shaol an linbh;
- **Díriú ar thosaíochtaí rialachais agus ceannaireachta** – bhí seo ina théama uileghabhálach ag cuimsiú trí phríomhghné:
  - an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht agus glacadh le beartais éifeachtacha i dtíortha atá i mbéal forbartha;
  - an gá go ndéanadh tíortha atá forbartha a ngealltanais a chomhlíonadh mar a bhaineann le laghdú ocras agus laghdú an mhíchothaithe; agusan gá go méadófaí an tosaíocht a thugtar d'ocras agus míchothú ar an leibhéal idirnáisiúnta.

---

1 Tá liosta na mball den TFO ar fáil in Iarscríbhinn 2.

## 1.2 Ról an Toscaire Speisialta

Ar cheann de na moltaí a rinne an TFO bhí go ndéanfadh an rialtas ‘*Toscaire Speisialta le haghaidh Ocras a cheapadh lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm moltaí an Tascfhórsa Ocras. Bheadh caidreamh ag an Toscaire Speisialta le gach cuid den Rialtas agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha iomchuí in Éirinn agus dhéanfadh ionadaíocht ar Éirinn ag fóraim thábhachtacha Idirnáisiúnta*’. Ag feidhmiú de réir an mholta seo, i mí Eanáir 2009 cheap an tAire Gnóthaí Eachtracha agus an tAire d’Fhorbairt Coigríche mise i mo Thoscaire Speisialta le haghaidh Ocras<sup>2</sup>.

## 1.3 Tuarascáil Reatha

Is é is cuspóir don cháipéis seo ná forléargas neamhspleách a chur ar fáil ar mhéid agus éifeachtacht na freagartha náisiúnta agus idirnáisiúnta don ocras domhanda i gcomhthéacs na moltaí atá ar fáil i dTuarascáil an Tascfhórsa Ocras; agus comhairle a sholáthar faoi cheachtanna a foghlaimíodh a d’fhéadfadh bheadh ina mbonn eolais do ghníomhaíochtaí agus beartais faoi laghdú ocras amach anseo.

---

2 Tá léiriú ar na Téarmaí Tagartha in Iarscríbhinn 3.

## 2 Ocras Domhanda – Cad atá tarlaithe ó foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocras?

### 2.1 Cúrsaí mar atá i 2010

I dTuarascáil an TFO sa bhliain 2008 tugadh le fios go raibh 860 milliún duine ocrach. Dhá bhliain dár gcionn, tá an fhadhb níos tromchúisí ná mar a bhí an tráth úd. De réir na meastachán is déanaí ón Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta EBT, faoi láthair tá breis is 925 milliún duine nó 14 % de dhaonra an domhain míchothaithe. Is mná agus cailíní iad seachtar as gach deichniúr den líon sin.

Tá an chuma air nach féidir leis an bpobal idirnáisiúnta aon cheann dá spriocanna a bhaint amach. Ar an dá eiseamláir is tábhachtaí tá siad seo a leanas:

- Ag Cruinniú Mullaigh Domhanda Bia 1996 socraíodh an sprioc go laghdófaí faoi leath *líon* na ndaoine ocracha le linn na tréimhse ó 1990 go 2015.
- Sa bhliain 2000, bhí an **Chéad Sprioc Forbartha na Mílaoise (SFM)** de chuid na NA ina sprioc níos measartha fós. Is é sin *céatadán* na ndaoine ocracha a laghdú faoi leath sa tréimhse chéanna ó 1990 go 2015.

Ag amharc ar chúrsaí mar atá faoi láthair, is léir nach mbainfear amach ceachtar den dá sprioc seo i leith an ocras.<sup>3</sup> Is léir gur a mhalairt de threocht atá ann do roinnt mhaith de Dheisceart na hÁise agus den Afraic Fho-Shahárach go háirithe.

Ar na nithe is measa faoi seo i gcomhthéacs sprioc SFM tá gur sna réigiúin sin a dhéanann suas an *dearbhlíon* is mó de dhaoine míchothaithe, (An Áise Theas agus an Afraic Fho-Shahárach) atá an dul chun cinn is moille:

- San Áise Theas tá isteach is amach le 48% de leanaí faoi aois a cúig faoi mheáchan i gcomparáid le 46% sa bhliain 2005;
- San Afraic Fho-Shahárach tá 28% faoi mheáchan – feabhsú an-bheag ón 29% sa bhliain 2005.

---

3 IFPRI 'Halving Hunger; Meeting the First Millennium Development Goal through Business as Unusual' 2010

4 Na Náisiúin Aontaithe 'Tuarascáil ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise' 2009

## 2.2 Cad a tharla i dtrí réimse fócais Thuarascáil an Tascfhórsa Ocras – táirgiúlacht na sealbhóirí beaga; míchothú máthar agus linbh; agus Rialachas & Ceannaireacht?

Tríd is tríd, dul chun cinn an-mhall a bhí ann, cé gur ábhar beag dóchais roinnt forbairtí a tharla le déanaí.

**Táirgiúlacht talmhaíochta na sealbhóirí beaga:** tá roinnt méaduithe measartha ag tarlú sa táirgiúlacht dhomhanda, ach ar cheann de na tosca ríthábhachtacha le meabhrú tá an ráta fáis fós níos ísle ná fás an daonra – agus go maith faoi bhun an éilimh dhomhanda le haghaidh bia. Mar thoradh ar an ardú i bpraghsanna domhanda bia le roinnt blianta anuas, a bhfuil cuma dhosheachanta air, tá fíorchruatan ann agus círéibeacha bia i roinnt áiteanna ar domhan.

Fós féin, is léir go bhfuil tús á chur leis an infheistiú domhanda sa talmhaíocht; infheistiú atá á dhéanamh ag rialtais náisiúnta, leasanna san earnáil phríobháideach agus deontóirí. Seo cúlú tábhachtach ar an gcor chun donais san infheistiú i dtalmhaíocht a chonaiceamar sa 20 bliain roimhe sin. Cibé scéal é, is fadhb mhór fós é a mhéid atá sé ag dul i bhfeidhm ar na sealbhóirí beaga is leochailí, go háirithe banfheirmeoirí.


**Míchothú Máthar agus Linbh:** scéal na géarchéime leanúnaí atá ann, ach go dtí le déanaí níor labhraíodh faoi ach ‘i gcogar’ seachas ‘amach os ard’. Go dtí an lá atá inniu ann tá 10,000 leanbh ag fáil bháis gach lá ó chúiseanna a eascraíonn ón míchothú. Ar fud an domhain, fásann aon trian den líon iomlán leanáí aníos agus iad míchothaithe go hainsealach, agus déanann seo damáiste dóibh – damáiste a mhaireann ar feadh an tsaoil. Ar na nithe is mó imní tá an t-athrú treochta ar an bhfeabhas a bhí ag teacht ar chúrsaí go dtí 2004 ó thaobh céatadán na ndaoine míchothaithe i dtíortha i mbéal forbartha – treocht atá ag cúlú anois – féach Tábla 1.



Tairbhíthe an Chláir Líontáin Sábhála Táirgiúlachta san Aetóip ag déanamh oibreacha poiblí in Sassie Tsade Amba, Ceantar Tigray, Bealtaine 2009. Grianghraf: Fiona Quinn.

Tábla 1: Mheathlaigh an treocht de laghdú chéatadán na ndaoine míchothaithe i dtíortha i mbéal forbartha

### Céatadán na nDaoine Míchothaithe



Foinse: EBT

**Rialachas & ceannaireacht:** Sa réimse seo tá roinnt forbairtí dearfacha tarlaithe. Ní hé amháin go bhfuil an chuma air go bhfuil tús áite á thabhairt don Talmhaíocht (féach an t-alt thuas), ach tá i bhfad níos mó d’aird idirnáisiúnta á thabhairt ar ghéarchéim an mhíchothaithe, a bhí ina ghéarchéim ina thost go dtí seo. Áiríonn seo:

- “An feachtas “An Chéad 1000 Lá” arna sheoladh ag Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe (SA) Hillary Clinton i gcomhar leis an Aire Micheál Martin ag an gcruinniú mullaigh SFM le déanaí i Nua-Eabhrac – ag cur in iúl go hidirnáisiúnta gurb í an tréimhse is leochailí ó thaobh uireasa míchothaithe ná “an chéad 1000 lá! – agus mar sin go bhfuil na hidirghabhálacha sa tréimhse seo atá spriocdhírthe ar chosc ina n-idirghabhálacha ríthábhachtacha.
- Aitheantas idirnáisiúnta go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le dul i ngleic leis na bunchúiseanna le míchothú *ainsealach* – go háirithe mar a bhaineann le saincheisteanna an éagsúlaithe talmhaíochta, sláinte agus sláintíocht ghinearálta, úsáid bia, foirtiliú, agus daoine a spreagadh le cleachtais níos fearr a bheith acu don scoitheadh ón gcíoch.
- Béim a leagan ar mhíchothú mar phríomhchuid de ghealltanas na Stát Aontaithe. i leith straitéis nua slándála bia (*Feed the Future*) atá dírithe ar an dul chun cinn i dtreo SFM 1 a bhrostú. LeagRúnaí Stáit na SA Hillary Clinton béim thar na bearta ar mhíchothú mar shnáithe comónta a thrasnaíonn gach earnáil den chúnaimh forbartha, agus go háirithe i ndáil le straitéis slándála bia.

- Fócas láidir cothaithe a bheith san áireamh i gCreatpholasaí nua an Aontais Eorpaigh (AE) chun Cuidiú le Tíortha atá i mbéal Forbartha Dul i nGleic le Dúshlán na Slándála Bia, agus i bpáipéar le déanaí ar Chúnamh Daonnúil Bia i ngéarchéimeanna éigeandála agus iar-éigeandála.
- An Creat Méadaithe Cothaithe (MC) le déanaí, agus an treochlár bainteach leis, atá ceadaithe anois ag breis is 100 gníomhaireacht, rialtas – Éire san áireamh, comhlacht, institiúid acadúil agus eagraíocht neamhrialtasach. An aidhm atá leis an gcreat seo ná sraith spriocanna a sholáthar, trí bhearta i raon leathan d'earnálacha, agus go háirithe i dtíortha ina bhfuil an t-ualach a bhaineann le míchothú thar a bheith ard. D'fheadfadh seo bheith ina fhíordheis don ghluaiseacht dhomhanda san iarracht méadú ar an infheistiú sa chothú.

### 2.3 Tosca eile a bhfuil a dtábhacht ag dul i méid le linn na tréimhse faoi athbheithniú

Ó foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocráis, tá roinnt tosca tagtha chun solais a chuireann le castacht fhadhb an ocráis dhomhanda: Ina measc tá:

- **Athrú aeráide:** tá seo aitheanta anois ina dhúshlán domhanda atá ag dul i méid agus seans gurb é an tionchar is mó a bheidh aige ná méadú ar scála agus ar dhéine an ocráis<sup>5</sup>. Arís, is iad na tíortha sin is mó a mbíonn deacrachtaí acu sa lá atá inniu ann ó thaobh bia a chur ar fáil dóibh féin na tíortha is mó a bheidh thíos leis an athrú aeráide.
- **An ghéarchéim idirnáisiúnta airgeadais agus eacnamaíochta** – tá tionchar thar a bheith neamhfhabhrach aige seo ar leibhéil ioncain i dtíortha i mbéal forbartha. Is rílér an tionchar ar an titim san infheistiú agus san fhostaíocht. Cibé scéal é, an tionchar láithreach is mó is dócha ná an titim ar an teacht isteach a bhí á fháil ag teaghlaigh sa bhaile i dtíortha i mbéal forbartha ó ghaolta leo a bhí imithe ar imirce. Anuas air seo, tá an luaineacht a bhí ann le déanaí ó thaobh praghsanna domhanda bia, a tharla i gcuid toisc éileamh méadaithe a bheith ann ó 'stáit atá ag teacht chun cinn', agus i gcuid toisc srianta a bheith ar easpórtálacha, go háirithe i dtíortha atá thíos le hathruithe aeráide cosúil le triomaigh agus tuillte.
- **An fás gasta ar dhaonra** ar fud an domhain – tá seo ag cur go suntasach leis an dúshlán. De réir mheastacháin na NA méadóidh daonra an domhain, a sheasann ag 6.8 billiún i láthair na huair, go dtí breis is 9.1 billiún faoi 2050, tarlóidh formhór an fháis seo i dtíortha atá i mbéal forbartha agus tiocfaidh fás níos gasta agus níos gasta ar an aistriú ó limistéir thuaithe go limistéir uirbeacha. An glantoradh a bheidh air seo go léir, de réir an EBT, ná, go simplí, chun freastal ar an éileamh méadaithe domhanda do bhia sa bhliain 2050, beidh gá táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú faoi bhreis is 70%.

<sup>5</sup> Bileog Threorach Oxfam 'Suffering the Science: Climate Change, People and Poverty', Iúil 2009

## 3 Conas a d'fhreagair Éire do Thuarascáil an Tascfhórsa Ocráis?

***“Tá an anailís ann; tá na gealltanais ann; ach an dá fhad nach bhfeidhmímid ní chuirfear deireadh choíche le hocras agus le gorta sa domhan.”*** Tuarascáil an Tascfhórsa Ocráis

Sa chaibidil seo breathnófar ar na príomhghnéithe den fhreagairt do mholtaí an Tascfhórsa Ocráis, ó thaobh an Rialtais agus na hÉireann mar thír iomlán de. Tá sé bunaithe ar shraith cuairteanna ar roinnt de Chláirthíortha na hÉireann agus ar roinnt Eagraíochtaí Lárnacha Idirnáisiúnta. Le linn na gcuariteanna sin bhí cruinnithe agam le raon leathan idirghabhálaithe sa Rialtas: Eagraíochtaí Idirnáisiúnta; Lucht Acadúil; An tSochaí Shibhialta & Eagraíochtaí Neamhrialtasacha.

Ba é comhthéacs an phlé ná an cheist seo – Cad atá ar siúl ag Éirinn chun tús áite a thabhairt do na trí phríomhréimse arna sainaithint ag an Tascfhórsa Ocráis mar réimsí a mbeidh fíorthionchar acu ar laghdú bochtaineachta?

- **Cur le táirgiúlacht talmhaíochta na sealbhóirí beaga, le béim ar leith ar mhná san Afraic Fho-Shahárach**
- **Spríodhíriú ar mhíchothú máthar agus linbh**
- **Díriú ar thosaíochtaí rialachais agus ceannaireachta**

Mar iarscríbhinn ag gabháil leis an tuarascáil seo tá mo chlár oibre (Iarscríbhinn 1) a chuireann cuntas níos sonraí ar fáil ar mo chuariteanna ar chlár Chúnaimh Éireann sa ghort.

Sa rannóg seo ba mhaith liom na príomhthéamaí a thug mé faoi deara a phlé.

### 3.1 Cur le Táirgiúlacht Talmhaíochta na Sealbhóirí Beaga

I bhfianaise go bhfuil an straitéis um laghdú bochtaineachta ar phríomhbhealach amháin dul i ngleic le neamhfhaighteacht dhianseasmhach bia tá Éire anois ag tacú, ar bhealaí déthaobhacha, trí eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ar bhealaí iltaobhacha, le raon leathan tionscnamh ag spríodhíriú ar tháirgeoirí atá ina sealbhóirí beaga san Afraic – roinnt mhaith díobh atá sonraithe in Iarscríbhinn 1. Chomh maith leis an raon seo de thionscadail agus de chlár shonracha, tá Éire tar éis tús áite a thabhairt do dhá thionscnamh mhóra atá spríodhírithe ar an Afraic Fho-Sahárach:

#### **(i) An Grúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (GCTIT)**

Is modh comhordúcháin é GCTIT chun cúig cinn déang d'institiúidí idirnáisiúnta um



thaighde talmhaíochta a nascadh le chéile. Le roinnt blianta anuas chuir Éire tacaíocht shubstaintiúil ar fáil do GCTIT, le croimhaoiniú d'ocht gcinn dá chúig ionad déag réigiúnacha chomh maith le tacaíocht shonrach sa tír féin do chlár GCTIT sa Mhaláiv agus san Aetóip.

Shainaithin an Tascfhórsa Ocras infheistiú i dtaighde talmhaíochta agus sa nuálaíocht mar phríomhghné den fhreagairt éifeachtach don ocras. Ní hé amháin gur gairm é seo ar thaighde, ach is gairm é ar scaipeadh éifeachtach an taighde. Tá sé rithábhachtach go ndéanfaí iarrachtaí níos fearr a chinntiú go mbainfidh feirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad sochar as torthaí an taighde. Ba mhór an t-uchtach dom é go dtugann Éire tús áite fós agus go leanúnach don tacaíocht don taighde agus dá scaipeadh éifeachtach ar shealbhóirí beaga san Afraic.

Bhí páirt ghníomhach ag Éirinn sa leasú leanúnach ar GCTIT, agus an aidhm leis sin ná feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir ionaid taighde indibhidiúla, feidhmiú níos fearr na dtorthaí taighde/aistriú an eolais, agus a chinntiú go mbeadh an taighde féin níos spreagtha ag an éileamh. Maidir leis sin, fáiltím roimh an nasc tábhachtach a cruthaíodh le déanaí idir Éirinn agus GCTIT mar ar ceapadh Stiúrthóir Feidhmiúcháin Domhanda Concern, agus ball de Thascfhórsa Ocras na hÉireann, Tom Arnold mar bhall de Bhord GCTIT.

## **(ii) Clár Cuimsitheach Forbartha Talmhaíochta na hAfraice (CCFTA)**

I measc na dtionscnamh níos nua ag soláthar cúnamh airgeadais don earnáil talmhaíochta in Aontas na hAfraice tá Comhpháirtíocht Nua d'Fhorbairt na hAfraice (CNFA) de chuid Aontas na hAfraice. Mar chuid den Chomhpháirtíocht Eacnamaíochta nua seo, bunaíodh Clár Cuimsitheach Forbartha Talmhaíochta na hAfraice. Táimse den tuairim go bhfuil an-fhéidearthacht ag an tionscnamh seo fás bunaithe ar an talmhaíocht san Afraic a chothú.

Oibríonn CCFTA ar cheithre chrann taca nó ar cheithre chlár:

- (i) feabhas a chur ar bhainistiú uisce agus talún agus cur leis;
- (ii) méadú ar rochtain ar an margadh trí fheabhas a chur ar bhonneagar tuaithe agus ar idirghabhálacha atá bainteach le trádáil chun feabhas a chur ar iomaíochas;
- (iii) méadú ar an soláthar bia agus laghdú ar ocras ar fud an réigiúin trí chur le táirgiúlacht na sealbhóirí beaga agus trí fheabhas a chur ar fhreagraí do ghéarchéimeanna bia; agus
- (iv) feabhas a chur ar thaighde talmhaíochta agus ar scaipeadh teicneolaíochtaí iomchuí nua.

Ag teacht le tosaíochtaí an Tascfhórsa Ocras, thacaigh Éire le próiseas CCFTA ar an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta araon, trí chistí a sholáthar trí mheán an Chiste Iontaobhais Ildéontóra, agus trí oibriú lena chinntiú go mbeadh gealltanais na ndéontóirí níos forleithne ann i leith an Chláir. Tá seo uile sa bhreis ar an tacaíocht do chlár náisiúnta CCFTA atá de réir chuspóirí agus thosaíochtaí na gcreat talmhaíochta sa Mhaláiv agus sa Tansáin.

### 3.2 Spriocdhírú ar mhíchothú máthar agus linbh

Ag teacht le torthaí an Thascfhórsa Ocras ghlac Éire go praiticiúil cur chuige trípháirteach chun dul i ngleic le míchothú:

- Tacú le cláir a ceapadh chun dul i ngleic le géar-mhíchothú agus le míchothú ainsealach;
- Stocaireacht le go dtabharfadh rialtais suíomh níos lárnaí don “chothú”; agus
- Stocaireacht láidir dhomhanda le go dtabharfaí níos mó tosaíochta, lena n-áirítear acmhainní, d’iarrachtaí i leith an chothaithe.

Is cúis áthais dom é go bhfuil Éire anois ina stocaire láidir, i measc na dtíortha go léir ar thug mé cuairt orthu, le go dtabharfadh rialtais ról níos lárnaí don chothú – teachtaireacht ar glacadh go maith léi tríd is tríd. Gné atá bainteach leis seo ná go mbeadh stocaireacht láidir ann le go mbainfí amach cothromaíocht níos fearr sa bheartas idir méadú ar tháirgiúlacht, infhaighteacht agus rochtain ar bhia, tábhachtach an chuir chuige ilearnála i leith an chothaithe, agus dá bhrí sin an gá go mbeadh straitéis níos cuimsithí ann chun dul i ngleic le neamhshlándaíl bia i gcoitinne.

Ba mhaith liom béim a leagan, ámh, ar chlár ar leith arna mhaoiniú ag Éirinn a bhfuil mórtionchar aige. Chuidigh Éire, trí thacú le comhpháirtíocht idir Valid International (cuideachta tráchtála arna rith ar bhonn neamhbrabúis) agus Concern Worldwide, ceannródaíocht a dhéanamh ar fhorbairt córais thábhachtaigh chun cóireáil a chur ar fáil don ghéar-mhíchothú.

Sa chur chuige seo, ar a dtugtar Bainistiú Pobail ar Ghéar-Mhíchothú (BPGM) leagtar béim ar luath-shainaithint na ndaoine atá thar a bheith míchothaithe, agus cóireáil a chur orthu sa phobal ag baint úsáide as saicíní de Bhia- Teiripeach-Ullamh-Le-hÚsáid arna dhéanamh agus arna dháileadh ag Valid International. Bhí an cur chuige seo – ag teacht in ionad an chúraim san ospidéal - ina chúram pobail níos saoire agus d’éirigh thar barr leis agus bhí sé costéifeachtach. Tá na NA tar éis an cur chuige seo a ainmniú ar an gcleachtas is fearr.

An phríomhghné sa chlár ná an fhorbairt agus, i gcás gur indéanta é, déantar (BTULU) a tháirgeadh go háitiúil. Cheana féin sa táirgeadh áitiúil san Afraic táthar ag baint úsáide as comhábhair Afracacha – rud a chuidíonn le laghdú chostais BTULU. I láthair na huaire, táthar ag breithniú na féidearthachta clár BPGM a thabhairt isteach ar fho-mhór-roinn na hIndia – forbairt a mbeadh tionchar ollmhór aige ar mhíchothú sa réigiún sin – áit a bhfuil ceann de na rátaí is airde míchothaithe ar domhan.



Mná ag fanacht lena leanaí a mheá ag Ospidéal Mtengowanthenga, An Mhaláiy.  
Grianghraf: Daniel Rowan.

### 3.3 Bearta Rialachais agus Ceannaireachta a Chur Chun Cinn

D'fhéadfaí a rá gur san earnáil seo, mar spreaghtóir an athraithe sa chur chuige domhanda i leith an ocrais, gur éirigh le hÉirinn a fónamh is fearr a bhaint amach ina tionchar le dhá bhliain anuas. Ó foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Ocras go déanach sa bhliain 2008, bhí ról lárnach ceannaireachta ag an Rialtas sa chomhrac i gcoinne an ocrais dhomhanda. Shann sé ocrais mar chloch choirnéal bheartas eachtrach na hÉireann agus tosaíocht ar leith á thabhairt dá chlár forbartha coigríche, agus rinne gealltanais go mbeadh 20% den CFC á úsáid chun comhrac i gcoinne an ocrais faoi 2012. Is léir go bhfuil an tús áite soiléir seo ar an leibhéal polaitiúil tar éis seasamh agus creidiúnacht na hÉireann a dhaingniú ar an gclár oibre ocrais, agus tá gealltanais láidir an Aire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin agus an Aire Stáit don Fhorbairt Coigríche, Peter Power mar bhonn is mar thaca leis sin.

Ar an léiriú is poiblí b'fhéidir de cheannaireacht na hÉireann i leith an ocrais bhí Cruinniú Mullaigh Spriocanna Forbartha na Mílaoise i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2010. Rinne Rúnaí Stáit na SA Hillary Clinton agus an tAire Micheál Martin comh-óstáil ar chruinniú ardphróifíle de cheannairí idirnáisiúnta chun daingniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht idirnáisiúnta chun dul i ngleic le míchothú i measc ban agus leanaí faoi aois a dó – An Feachtas: *An Chéad 1000 Lá* Ina dhiaidh seo bhí plé ann i measc saineolaithe idirnáisiúnta lárnacha, agus é seo measraithe ag an Aire Stáit Peter Power agus an Dr Rajiv Shah, ceann na heagraíochta *United States Agency for International Development* USAID, faoi theacht thar na dúshláin a bhaineann le comhrac in aghaidh an mhíchothaithe.

Is mór agam é go ndearna Airí Rialtais agus ionadaithe sinsearacha eile teachtaireachtaí lárnacha an Tascfhórsa Ocras a chur i láthair go rialta agus iad ag plé ag leibhéal an AE, le Rialtais chomhpháirteacha, ag cruinnithe ardleibhéil sna NA, leis an mBanc Domhanda agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt agus Eacnamaíochta (ECFE), agus le rialtais deontóra eile, lena n-áirítear na SA, an RA agus an Spáinn.

Ag an AE, tá Éire gníomhach go háirithe sa stocaireacht ar son tosaíocht níos fearr a bheith ag gabháil le baint amach an chéad SFM ar ocrais, agus d'oibrigh le dreamanna eile chun go nglacfaí le Creatbheartas a bhí ag an AE le déanaí chun Cuidiú le Tíortha i mBéal Forbartha Dul i nGleic le Dúshláin Slándála Bia.

Ní miste a lua nach bhfuil an fócas céanna ag gach Ballstát de chuid an AE ar an gcéad SFM is atá ag Éirinn, agus creidim go raibh iarrachtaí na hÉireann tábhachtach i gcoinneáil saincheistanna ocrais go hard ar chlár oibre an AE.

Chomh maith leis sin, bhí roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha an-ghníomhach san obair seo agus in obair stocaireachta eile a bhaineann le hocrais, ar leibhéal an bheartais idirnáisiúnta, i measc eagraíochtaí neamhrialtasacha eile, le rialtais chomhpháirteacha, agus leis an bpobal i gcoitinne in Éirinn agus thar lear. Aithnítear go bhfuil ról thar a bheith tábhachtach ag an obair seo mar stocaire ar son dhíothú an ocrais.

## 4 Conclúidí agus Moltaí

Sa mhéid go bhfuil sé follasach gur chóir trí cinn de théamaí leathana, a ndearna TFO na hÉireann cur síos orthu, a choinneáil mar threoirphrionsabail d'iarracht na hÉireann comhrac in aghaidh an ocrais, táim tar éis iarracht a dhéanamh sa Rannóg seo aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna ar leith laistigh de na téamaí sin a bhféadfaí níos mó béime a leagan orthu sna blianta amach anseo. Tá siad curtha i láthair mar mholtaí le go bhféadfaí feidhmiú orthu agus d'fhéadfaidís feabhas mór a chur ar iarrachtaí na hÉireann, an Rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhí an-éifeachtach agus an-chuimsitheach go dtí seo.

- 1 Tá sé rithábachtach, de réir mar a fhorbraítear cláir nua ar talmhaíocht aus ar chothú, bídís déthaobhach nó trí chomhpháirtithe, go leanfaí leis an tús áite a thabhairt do na téamaí seo. Maidir leis seo, ba mhaith liom béim a leagan athuair ar an bhfócas ar earnáil na bhfeirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad, ar riachtanais speisialta na mban – ina gcáil mar fheirmeoirí, mar shaothróirí ioncaim nach ón bhfeirm é, agus go minic mar cheann an teaghlaigh – agus a mholadh go bhféadfaimis breis airde a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le laghdú agus cosc an mhíchothaithe ainsealaigh. Baineann an moladh seo le cláir a théann i ngleic le gnéithe ar leith den tslándáil bia, ach baineann freisin níos mó b'fhéidir, le cláir talmhaíochta ar fud earnáil na talmhaíochta, réimse nach bhfuil an smacht chéanna maoirseachta againn air.
- 2 A chinntiú go rachfar i ngleic le tosaíochtaí, agus go háirithe ionas go mbeidh fhios againn cén difríocht atá á dhéanamh againn beidh gá tuilleadh oibre chun gnóthachtálacha cláir a léiriú. Maidir leis seo, agus i bhfianaise ghealltanais daingean Chúnamh Éireann do chur chuige atá bunaithe ar thorthaí a bhaint amach i leith éifeachtacht an chúnamh, ba mhaith liom an méid seo a leanas a athdhearbhú mar riachtanas:
  - **anailís fheabhsaithe bunaithe ar fhianaise** ar an bhfadhb a bhfuiltear ag dul i ngleic leis, agus sainathint mhaith agus tuiscint shoiléir ar na saincheisteanna a bhfuiltear ag dul i ngleic leo laistigh de réimsí cláir.
  - an riachtanas atá bainteach leis, d'ainneoin na ndeacrachtaí aitheanta, go mbeadh córas monatóireachta tionchair mar bhunchuid de gach idirghabháil cláir ionas gur féidir tuiscint a fháil ar an bhfíorthionchar, go háirithe ag leibhéal an tí nó an teaghlaigh.

- 3 Cé go bhfuil breithmheas agus monatóireacht cláir bailí ar fud raon leathan de fhreagarthaí cláir, mholfainn go háirithe go ndéanfaí iad a ionchorprú i gcláir na n-eagraíochtaí neamhrialtasach, sa mhéid go dtosaíonn a gcláir go minic ar scála atá níos lú, nó go bhfuil siad áitiúil seachas náisiúnta, agus uaireanta ní féidir iad a ailíniú chomh héasca céanna le tosaíochtaí náisiúnta rialtais. Chuideodh taighde láidir agus tuiscint ar thionchair ‘ósaisí’ ar scála cuíosach beag a sheachaint, a raibh an chuma orthu gur éirigh thar barr leo, cláir ar chúis amháin nó ar chúis eile nach ndéantar iad a mhacasamhlú i réimsí eile agus nach ndéantar a gceachtanna a ionchorprú i mbeartas náisiúnta.

#### **4.1 Cur le Táirgiúlacht na Sealbhóirí Beaga**

- 4 Tá tosaíochtaí ar leith na hÉireann in earnáil na talmhaíochta seanbhunaithe ag an staid seo agus glactar leo go forleathan ar na cláir reatha agus ar chláir atá á bhforbairt. Ag an bpointe seo ní mholtar ach cúpla mionrud breise. Áirítear ina measc spreagadh níos fearr ar bhearta – mar shampla cur chun cinn thalmhaíocht an chaomhnaithe, agra-fhoraoiseacht, éagsúlú barr, chomh maith le forbairt barr agus cineálacha beostoic ar féidir leo turraingí aeráide a sheasamh.
- 5 Chomh maith leis sin, i gcomhthéacs na freagartha don athrú aeráide, ní miste na nithe seo a leanas a bhreithniú:
- Tacú le forbairt straitéisí don Laghdú Riosca Tubaiste (LRT) agus daoine a spreagadh leis na straitéisí seo a chuimsiú i bpróisis pleanála agus buiséadaithe na dtíortha comhpháirteacha;
  - Tacú le cláir nua agus nuálacha, i gcomhar le comhpháirtithe forbartha, cosúil leis na cláir sin a chuidíonn feabhas a chur ar aimsir náisiúnta agus réigiúnach, amhail eolas tráthúil d’fheirmeoirí, agus feabhas a chur ar chórais luathrabhaidh agra-mheitéareolaíochta.
- 6 I bhfianaise thoradh ard na n-infheistíochtaí ón taighde domhanda talmhaíochta, ba mhaith liom tathant ar Éirinn leanúint leis an tús áite atá á thabhairt aici do na hiarrachtaí seo, ar an leibhéal déthaobhach trí institiúidí náisiúnta taighde agus trí ionaid GCTIT a bhfuil caidreamh maith ag Éirinn leo cheana féin. Go háirithe maidir le GCTIT agus a leasú leanúnach, ba mhaith liom béim a leagan ar thábhacht na hÉireann sa stocaireacht ar son na nithe seo a leanas:
- Naisc níos daingne idir GCTIT agus institiúidí agus córais taighde talmhaíochta náisiúnta ionas go mbeidh an taighde níos spreagtha ag riachtanais agus ionas gur féidir é a fheidhmiú go gasta, go héifeachtach agus ar scála mór;
  - Naisc níos daingne fós idir ionaid GCTIT agus feirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad, agus go háirithe le banfheirmeoirí, ionas gur féidir, a mhéid is indéanta é, an taighde a dhíriú ar spriocghrúpaí tosaíochta na hÉireann;

- Taighde breise a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir talmhaíocht, i gcomhthéacsanna éagsúla, a chur in oiriúint do bhaint amach torthaí níos fearr cothaithe ar an leibhéal áitiúil;
  - Ailíniú níos dlúithe idir GCTIT agus iarrachtaí domhanda eile chun dul i ngleic leis na dúshláin ollmhóra a bhaineann le hathrú aeráide agus easnaimh fuinnimh. D'áireodh seo mar shampla comhoibriú ar thaighde i roinnt de na réimsí conspóideacha a bhaineann le húsáid talún agus acmhainní eile do tháirgeadh bithbhreoslaí, agus fiú forbairt na mbarr atá géinathraithe, I gcás an dá fhorbairt seo tá tionchar ollmhór acu cheana féin ar chúrsaí bia ar fud an domhain agus dá bhrí sin ní foláir tuiscint shármhaith a bheith againn ar na sochair agus na rioscaí féideartha i gcomhthéacs na n-iarrachtaí domhanda dul i ngleic le hocras.
- 7 Comhoibriú idir earnáil taighde talmhaíochta na hÉireann agus GCTIT, cé go bhfuil fás fós teoranta i gcomparáid leis an naisc idir institiúidí taighde i dtíortha deontóra inchomparáide. Seo réimse a bhfuil an chuma air go bhfuil féidearthachtaí ag baint leis don fhorbairt, d'ainneoin na hoibre a mbeadh gá léi ag an tús chun réimsí iomchuí a shainaithint agus a oscailt don chomhar, go háirithe maidir le rochtain ar acmhainní airgeadais chun go mbeadh an rannpháirtíocht seo indéanta.

Chuirfeadh forbairt mar seo, ámh, le luach chaidreamh díreach na hÉireann le comhlachtaí GCTIT agus le hinstitiúidí eile atá i mbun taighde domhanda talmhaíochta.

- 8 Ar an gcaoi chéanna níor mhiste go bhféachfadh eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fhéidearthachtaí chun comhar níos dlúithe fós a dhaingniú leis an bpobal taighde i gceapadh, i gcur i bhfeidhm agus i meastóireacht na gclár. Is léir go bhfuil fíordheiseanna ann nasc níos fearr a cruthú le hinstitiúidí náisiúnta taighde agus le hIonaid GCTIT mar 'ábhar comhpháirtithe'. Ó phlé a bhí ann leis na comhpháirtithe seo, d'fhálteoinn roimh an gcur chuige seo – go háirithe sa mhéid go soláthródh comhoibriú mar sin nasc níos dlúithe leis na hoibríochtaí sa ghort.

## 4.2 Spríodhíriú ar Mhíchothú Máthar agus Linbh

- 9 Ba chóir leanúint leis an tosaíocht níos mó ná riamh atá á thabhairt do chothú le dhá bhliain anuas, go mór mhór mar thoradh ar thuarascáil an Tascfhórsa Ocras. Ní foláir iarrachtaí na hÉireann a spreagadh, sa stocaireacht dá dtagraítear in áiteanna eile, agus san obair atá ar bun chun raon freagairtí iomchuí cláir a fhorbairt, le deiseanna a scrúdú a áireodh gné cothaithe níos láidre fós sna cláir reatha talmhaíochta agus slite beatha

- 10 Ba chóir iarrachtaí na hÉireann a dhíriú san fhócas láithreach ar na nithe seo a leanas:

- Stocaireacht bhreise le go mbeadh cuspóirí cothaithe suite níos straitéisí laistigh de rialtais, le béim á leagan ar thábhacht an chuir chuige idir-earnála, agus go háirithe a chinntiú go bhfuil dlúth-chomhtháthú idir cothú in obair na n-aireachtaí Talmhaíochta agus Sláinte araon.

- Idirghabhálacha níos láidre cláir a shainiú a mbeadh tionchar láithreach acu ar chosc agus ar laghdú an mhíchothaithe ainsealaigh. D'fhéadfadh iarrachtaí mar seo, lena n-áirítear foirtliú bia, forábhair micrí-chothaigh agus díphéistíú, oideachas ar chothú agus sláinteachas - go háirithe do chailíní, cothú eisiach cíche a chur chun cinn chomh maith le c tacaíocht do chlár dea-phleanáilte, feidhmithe líontáin sábhála sóisialta ar féidir leo léiriú a thabhairt ar thionchar soiléir laghdú/cosc an mhíchothaithe ainsealaigh
- Tacaíocht leanúnach do thaighde breise ar BTULU iomchuí a fhorbairt chun míchothú ainsealach a chosc chomh maith le fairsingiú gasta geografach na gclár leanúnach chun cóireáil a sholáthar do ghéar-mhíchothú i suíomh pobail – an cur chuige BFGM. I gcás na cóireála seo, ba chóir go n-áireodh an tacaíocht forbairt bhreise na dtáirgí BTULU atá bunaithe ar bhia a fhásta go háitiúil. .

### 4.3 Díriú ar Thosaíochtaí Rialaichais agus Ceannaireachta

11 Ní foláir teachtaireachtaí lárnacha agus tosaíochtaí an Tascfhórsa Ocras a choinneáil chun tosaigh agus lárnach i ngach plé a bhíonn ag Éirinn le dreamanna eile ar shaincheisteanna ocras. Seo réimse inar féidir le hÉirinn fiordhifriocht a dhéanamh.

i bhfianaise ár staire féin ó thaobh an ghorta de, tá creidiúnacht ar leith againn maidir leis an tsaincheist seo. Ba chóir d'Éirinn anois cur lena caidrimh leis na Stáit Aontaithe mar chomh-stocairí do thosaíochtú an chomhraic i gcoinne an ocras. Ba chóir d'Éirinn leanúint lena ról tosaíochta ar leibhéal an AE, ag stocaireacht chun tosaíocht níos fearr a thabhairt do bhaint amach chéad sprioc SFM ar ocras agus do leithdháileadh na n-acmhainní riachtanacha.

12 Mar bhonn is mar thaca leis an straitéis seo caithfidh Éire leanúint ag tabhairt tús áite d'ocras laistigh dá clár cúnaimh féin. Ar na nithe is ríthábhachtaí thug an tír gealltanais go gcaithfí ar a laghad 20% den CFC ar ocras faoi 2012, agus táimse den tuairim go bhfuil Éire anois ag feidhmiú de réir sprice chun a gealltanais a chomhlíonadh. Fáiltítear go mór roimh an ngealltanais láidir polaitiúil seo, a léiríodh cúpla uair le dhá bhliain anuas, agus tá roinnt mhaith dár gcomhpháirtithe den tuairim gur comhartha láidir é dár gceannaireacht ar an tsaincheist áirithe seo. Sa timpeallacht dhúshlánach ina bhfuil Éire faoi láthair, i mo thuairim an iarracht is tábhachtaí d'Éirinn i láthair na huair ná a hiarrachtaí forbartha a dhíriú ar dhíothú an ocras, agus más féidir go ndéanfaidh Cúnamh Éireann a chuid caiteachais ar ocras a chur ar leataobh don chuspóir áirithe sin.



## 4.4 Nithe Eile

Ar deireadh thiar, tá trí cinn de mholtaí a bhaineann ar bhonn níos leithne leis na réimsí go léir

### Acmhainní Foirne

13 Leis an mbéim níos cláir ar ocrais, níor mhiste dá mbreithneodh Cúnamh Éireann, agus i gcás gur iomchuí é, pobal neamhrialtasach na hÉireann, forbairt ar a hacmhainn foirne, i réimsí na slándála bia i gcoitinne agus na cleachtais a bhaineann leis sin agus go háirithe i réimse an chothaithe. Mar a luadh cheana féin, tá leibhéal ard taithí phraiticiúil sa ghort ann ó thaobh an chothaithe de i measc na foirne, in earnálacha déthaobhachta agus earnálacha na n-eagraíochtaí déthaobhacha araon, taithí a bhféadfaí tógáil uirthi chun tacú le pleanáil, feidhmiú agus meastóireacht cláir atá níos láidre ó thaobh na freagartha de amach anseo.

14 Ba mhaith liom a mheabhrú go raibh teagmháil idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia chun féidearthachtaí a chioradh chun úsáid níos fearr a bhaint as aistriú scileanna idir an dá Roinn, agus le tíortha comhpháirteacha, ag féachaint le húsáid níos fearr a bhaint as na cumais agus an saineolas sin chun freagairt do mholtaí an TFO. Ba chóir tacú leis na tionscnaimh sin agus iad a spreagadh chun úsáid níos fearr na n-acmhainní foirne agus an tsaineolais a bhaint amach i ndáil le tosaíochtaí ocrais.

### Taighde

15 Cuireann an chéad chéim eile de Chlár Comhoibrithe Straitéisigh na Roinne Gnóthaí Eachtraigh le hInstitiúidí Ardoideachais deis ar fáil chun daingniú a dhéanamh ar chumas na n-institiúidí acadúla taighde a dhéanamh ar bhia/slándáil bia mar réimse ar leithligh téamach. D'athdhaingneodh seo cumas na n-institiúidí acadúla sa leathsféar theas taighde a dhéanamh i réimmsí an bhia agus na slándála slite beatha, an chothaithe, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe. Chomh maith leis sin, chuirfeadh sé deis ar fáil chun comhpháirtíochtaí nua a chur chun cinn agus malartú acadúil idir institiúidí Éireannacha agus institiúidí i dtíortha comhpháirteacha. Mar sin, moltar go mbreithneodh Cúnamh Éireann go cúramach an fhéidearthacht bia/slándáil bia a bheith ina fhócas ar leithligh téamach laistigh den Chlár.

# Iarscríbhinn 1 – Clár Oibre

Ó ceapadh mé táim tar éis na nithe seo a leanas a chur i gcrích:

- Oibriú go dlúth leis an Aire Martin agus leis an Aire Stáit Power agus le foireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha, go háirithe leis an Aonad Ocras i gCúnamh Éireann, chun freagairt chomhordaithe a fhorbairt do Thuarascáil an TFO agus chun comhairle a sholáthar faoi chur i bhfeidhm a mholtaí;
- Cuairt a thabhairt ar cheithre cinn de Chláirthíortha na hÉireann (An Aetóip, Leosóta, an Mhaláive agus an Tansáin) d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin a bhaineann le freagairt do na tosaíochtaí a luadh. Plé a réachtáil le rialtais óstacha, deontóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le foireann Ambasáid na hÉireann sna tíortha seo faoi cheisteanna a tháinig chun cinn, agus faoi fhreagairtí iomchuí féideartha don ocras sna tíortha sin;
- Plé a réachtáil le príomh-eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn ar na bearta atá curtha i gcrích, nó atá á mbreithniú, mar fhreagra ar Thuarascáil an TFO, agus na dúshláin maidir leis seo;
- Casadh le roinnt deontóirí idirnáisiúnta chun leibhéal níos láidre tacaíochta a spreagadh le freagairt d'ocras agus do shlándáil bia;
- Plé a réachtáil le príomh-ghníomhaireachtaí na NA agus ag féachaint le hailíniú níos dlúithe a bheith ann leis na tosaíochtaí arna lua ag an TFO ina gcláir;
- Cuairt a thabhairt ar roinnt de na Príomh-Institiúidí Idirnáisiúnta Talmhaíochta atá i gcomhpháirt le Cúnamh Éireann agus atá i mbun saincheisteanna slándála bia chun plé leo na moltaí a rinne an TFO, ar saincheisteanna iad atá bainteach lena gcuid oibre; agus
- Páirt a ghlacadh mar bhall de thoscaireacht na hÉireann i gCruinniú Mullaigh Bia na hÉireann sa Róimh i mí na Samhna 2009, agus freastal ar roinnt cruinnithe iomchuí idirnáisiúnta eile.

## Talmhaíocht Na Sealbhóirí Beaga

### Freagairt dhéthaobhach cláir Chúnamh Éireann

Seo a leanas roinnt breathnadóireachtaí ó mhisin i gceithre cinn de na Cláirthíortha – **An Aetóip, Leosóta, an Mhaláiv agus an Tansáin** – maille le roinnt ráiteas faoi chláir i dtíortha nár tugadh cuairt orthu. Níor chóir breathnú orthu mar liosta cuimsitheach de raon leathan de bhearta a rinneadh le tacaíocht na hÉireann, ach mar léiriú ar thábhacht na bhfreagairtí seo in earnáil na talmhaíochta, agus d'fhormhór mar thoradh ar Thuarascáil an Tascfhórsa Ocras.

Sa **Mhaláiv, Tansáin agus san Aetóip**, dírtear maoiniú na hÉireann in earnálacha na talmhaíochta agus an bhia ar dhiansaothrú a dhéanamh ar thalmhaíocht na sealbhóirí beaga, ar chur chun cinn an éagsúlaithe barr agus réimse bia, ar uisciú agus ar fheabhsú infhaighteacht agus rochtain ar ionchuir agus seirbhísí.

Áiríonn clár idir thacaíocht bhuiséadach do phleananna rialtas-threoraithe in earnáil na talmhaíochta, agus ionchuir agus cúnamh do thionscadail ar leith laistigh de phleananna in earnáil na talmhaíochta. Áiríonn a bhformhór gné láidir de dhaingniú an chumais ag eagraíochtaí feirmeoirí agus ag institiúidí rialtais araon.

I gclár chlár déthaobhach na hÉireann sa **Mhaláiv** tá sé thar a bheith dea-ailínithe le príomhthéamaí Thuarascáil an TFO. Tá an clár bunaithe ar thrí chrann taca: forbairt inbhuanaithe i dtáirgiúlacht na sealbhóirí beaga agus diansaothrú inbhuanaithe barr; feabhas a chur ar sholúbthacht teaghlaigh trí thacaíocht níos fearr chothaithe agus shóisialta a sholáthar; agus daingniú a dhéanamh ar chórais rialachais mar mhodh chun feabhas a chur ar shlándáil bia. Trí nascadh a dhéanamh ar thorthaí talmhaíochta agus cothaithe, d'fhéach an clár le feabhas a chur ar an tionchar cothaithe, go háirithe, sa tír. Mar shampla, tá tacaíocht Chúnadh Éireann ag cuidiú le:

- cistiú a dhéanamh ar sholáthar na síolta léagúim chun feabhas a chur ar éagsúlú aiste bia;
- cur chun cinn fhorbairt cineálacha éagsúla feabhsaithe práta agus práta millis atá lán le béite-charaitéin, réamhtheachtaí Vitimín A;
- forbairt a dhéanamh ar shíolta do phis talún, pis colúir agus pónaire shoighe do shealbhóirí beaga, go háirithe banfheirmeoirí; agus
- iarrachtaí taighde ar fhásra a dhéanann nítrigin a fhosú, rud a bhfuil fianaise ann a fheabhsaíonn struchtúr agus torthúlacht na hithreach agus a chuireann le torthaí barr, go háirithe na 'crainn toirchithe' *Faidherbia albida* agus *Gliricidia sepium*.

Sa **Tansáin**, tá ról lárnach ag Éirinn i gcuidiú leis an bhforbairt ar chlár comhleanúnach náisiúnta don talmhaíocht, agus tá an tír ina cathaoireach faoi láthair ar Ghrúpa Oibre Talmhaíochta na nDeontóirí. Tá Éire ag tacú le Clár Forbartha Earnáil na Talmhaíochta (CFET) atá ag déanamh dul chun cinn i méadú tháirgiúlacht idir phríomhbhia agus bheostoc. An príomhchuspóir ag an CFET ná feabhas a chur ar sholáthairtí ionchuir, clúdach uiscithe, córais chreidmheasa agus mhargaíochta, chomh maith le cumas láidir feidhmithe a fhorbairt san earnáil. Le tacaíocht na hÉireann, idir airgeadais agus theicniúil, cuidíodh le tionscadail phíolótacha nuálacha sa Tansáin a fheabhsaíonn rochtain d'fheirmeoirí bochta ar leasú.

Ar an gcaoi chéanna san **Aetóip**, tír le stair d'fhadhbanna suntasacha bia, feictear an talmhaíocht mar chroílár an réitigh ar laghdú ocras agus bochtaineachta. Tá Éire ag tacú le Clár Líontáin Sábhála Táirgiúlachta (CLST) atá á chur i bhfeidhm i bhformhór na limistéar a meastar iad a bheith thar a bheith neamhshlán ó thaobh bia de. Spriocdhíríonn an CLST ar na teaghlaigh is mó i ngátar trí bhia agus/nó airgead a sholáthar mar luach saothair ar obair i gcláir phoiblí (nó tacaíocht dhíreach i gcás na ndaoine sin nach féidir leo obair). Fuarthas i meastóireacht a rinne an Institiúid Idirnáisiúnta Taighde Beartais Bia ar CLST

go raibh tionchar suntasach aige ó thaobh sócmhainní na dteaghlach leochaileach a chosaint, fiú le linn blianta beaga anuas inar raibh báisteach corrach. Is clár ceannródaíoch é an CLST, an scéim is mó líontáin sábhála san Afraic, d'fhéadfaí a rá, a d'fhéadfadh bheith ina fhoinsé luachmhar foghlama do dhaoine eile, agus ina uirlis ríthábhachtach don Rialtas agus dul chun cinn á dhéanamh ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise.

Modh comhlántach eile a bhfuil tacaíocht á thabhairt ag Éirinn dó san Aetóip ná an Clár um Chruthú Seirbhísí Bunúsacha, a chuidíonn feabhas a chur ar sheirbhísí fairsingithe talmhaíochta agus bóithre tuaithe.

Cé go mbaintear úsáid as tacaíocht na hÉireann sa **Leosóta** d'fhorhmór ina earnálacha na sláinte agus an oideachais, táthar ag tacú le tionscadal nuálach trí mheán na heagraíochta neamhrialtasá *Catholic Relief Services* mar a gcuidítear le teaghlaigh bhochta, go háirithe iadsan atá thíos le VEID/SEIF, glasraí cothaitheacha a fhás i ngairdíní beaga cóngarach dá dtithe cónaithe. Ar cheann de na nithe is mealltaí faoi thionscadal na ngairdíní níl mórán saothair fhisicigh i gceist chun iad a choinneáil, agus tá seo thar a bheith tábhachtach do dhaoine atá ag fulaingt le VEID/SEIF.

I gClárthíortha na hÉireann, nach raibh an deis agam cuairt a thabhairt orthu, seo a leanas roinnt de na tionscadail a raibh díol suntais ag baint leo, i mo thuairimse:

- I **Siarra Leon**, áit a ndéanann an talmhaíocht suas beagnach 50% den OTI, tá Éire ag tacú le clár an EBT le fócas láidir ar bhanfheirmeoirí agus an aidhm leis feabhas a chur ar tháirgiúlacht bia agus ar acmhainn agra-phróiseála na sealbhóirí beaga.
  - Sa **Mhósaimbíc** agus **sa Tansáin** déantar cláir in earnálacha na gcnónna caisiú agus cócó (faoi seach) a fhorbairt chun forbairt a dhéanamh ar an slabhra táirge ardluacha, lena n-áirítear dul i ngleic le srianta ar rochtain mhéadaithe ar an margadh. Tá na tionscadail seo ag teacht go maith le moladh an Tascfhórsa Ocras a shainaithean forbairt an mhargaidh agus timpeallacht cumasaithe mar thosaíochtaí in earnálacha na talmhaíochta/na slándála bia.

**Athrú Aeráide** Mar a cuireadh in iúl i gCaibidil 2, áirítear i measc na dtionchar mór a réamh-mheasadh a bheadh ag an athrú aeráide ar thalmhaíocht agus bia an dóchúlacht láidir go laghdófaí an t-achar foriomlán talún do tháirgeadh bia, méadú ar ghainimhliú, agus táirgeacht ag titim. Is léir mar thoradh air seo go mbeadh impleachtaí tromchúiseacha ann do shlándáil bia na bhfeirmeoirí leochaileacha ar sealbhóirí beaga iad agus dá dteaghlaigh.

Lena fhócas láidir ar an Afraic Fho-shahárach, is ábhar dóchais é go dtacaíonn clár forbartha na hÉireann cheana féin le hiarrachtaí méadú ar chumas na bpobal áitiúil teacht aniar níos fearr a bheith acu i gcás athraithe aeráide agus mheathlú na timpeallachta. Áiríonn siad seo cineálacha barr a fhorbairt agus a spreagadh atá níos fearr in ann turraingí aeráide a sheasamh, éagsúlú barr chun rioscaí a mhaolú agus an aiste bia a fheabhsú, feirmeoireacht an chaomhnaithe agus agra-fhoraoiseacht chomh maith le teicníní bainistithe uisce a chur chun cinn go háirithe i limistéir atá leochaileach ó thaobh na héiceolaíochta de agus a dtarlaíonn triomaigh iontu.

San **Aetóip** tá tacaíocht ann do chláir a chuireann chun cinn bainistiú droim draenála lena n-áirítear crainn a chur, ardánú, caomhnú ithreach, uisciú ar scála beag, chomh maith le caomhnú uisce agus baint barr. Sa **Mhaláiv**, tá Éire ag tacú le cláir chun táirgiúlacht a mhéadú ach creimeadh ithreach a theorannú agus feabhas a chur ar thorthúlacht ithreach, chomh maith le hoiliúint agus comhairle a sholáthar do isteach is amach le 100,000 feirmeoir i gcleachtas thalmhaíocht an chaomhnaithe.

### **Freagairt na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha**

Cé go raibh formhór na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha gníomhach i gcláir a bhaineann le hocras le roinnt mhaith blianta anuas, is léir gur thosaigh tuarascáil an TFO ag imirt mórthionchair ar a gcuid oibre agus a dtosaíochtaí sa talmhaíocht agus sa chothú araon. Tá roinnt mhaith díobh, lena n-áirítear comhpháirtithe MAPS anois gníomhach i dtalmhaíocht sealbhóra bhig mar ghné thábhachtach dá gcuid oibre, agus tá fianaise ann go bhfuil sciartha níos mó agus níos mó de bhuiséid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha á gcaitheamh ar chláir slándála bia, ar shlite beaga tuaithe, ar thalmhaíocht, ar chothú, ar shláinte, oideachas agus ar chosaint shóisialta.

Ní mór a lua, maidir leis seo, i gcoibhneas le deontóirí eile an ECFE go leithdháileann Éire céatadán níos airde dá cúnamh forbartha coigríche ar eagraíochtaí neamhrialtasacha. Agus gan amhras úsáidtear roinnt mhaith den mhaoiniú seo chun tacú le cláir de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha sa talmhaíocht agus sa chothú. D'fhéadfadh Cúnamh Éireann cúnamh breise a thabhairt trí Chiste Dúshláin a bhunú do chláir ocrais agus slándála bia de chuid na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a d'fhéadfadh cabhrú san obair seo, le caitheamh ama.

Agus mé i mbun mo chuid oibre bhí plé agam le roinnt mhaith de na heagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus thug mé cuairt ar roinnt tionscadal atá á gcur i bhfeidhm nó a dtacaítear leo i roinnt tíortha. I measc na bhforbairtí suntasacha a chonaic mé tá siad seo a leanas:

- Roinnt idirghabhálacha díreacha tionscadail, cosúil le feirmeoireacht an chaomhnaithe agus teicneolaíochtaí eile don talmhaíocht inbhuanaithe; feabhsúcháin ar infhaighteacht agus rochtain ionchuir; scéimeanna uiscithe ar scála beag; cúnamh do phobail thréadacha; agus rothlú agus éagsúlú barr a spreagadh.
- Tógáil cumais na struchtúr rialachais rialtais leis an aidhm áirithe feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní uisce agus talún;
- Tacú le tuilleamh ioncaim lasmuigh den fheirm, lena n-áirítear cur chun cinn na próiseála bia ar scála beag agus forbairt an mhargaidh áitiúil.

Laistigh den earnáil talmhaíochta is mór agam a lua gur fhorbair roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha roinnt cur chuige nua chun teicníní agus cleachtais a ghlacadh atá á bhforbairt san earnáil. Áiríonn siad seo obair nuálach atá ar siúl, go háirithe i ndeisceart na hAfraice, i bhfeirmeoireacht an chaomhnaithe – raon teicníní do chur plandaí atá tar éis táirgeacht fheabhsaithe go mór a léiriú fad is atáthar ag freagairt go hiomchuí do roinnt de na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide. Ar an gcaoi chéanna, is léir go bhfuil oscailteacht

ag dul i méid sa chomhoibriú trí chomhpháirtíochtaí agus líonraí, idir eagraíochtaí neamhrialtasacha agus le rialtais áitiúla, institiúidí taighde agus an earnáil phríobháideach.

## **Inscne agus Talmhaíocht**

Leag an Tascfhórsa Ocras béim ar ról ar leith na mbanfheirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad chun slándáil bia a chinntiú dá dteaghlaigh. Aithnítear níos mó is níos mó chun go leigheasfaí imeallú na mban bocht i limistéir thuaithe, go bhfuil sé ríthábhachtach gné láidir inscne a bheith i ngach clár. Mar sin is ábhar dóchais é go bhfuil saincheisteanna ar leith á gcur san áireamh nuair atá rialtais ag cruthú clár, agus in obair na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, cosúil le rochtain ar ionchuir do mhná lena n-áirítear talmhaíocht agus creidmheas, agus a ról san éagsúlú talmhaíochta le go mbeadh cothú níos fearr ag a dteaghlaigh. Maidir leis seo luaim freisin clár a chuireann chun cinn ioncam ó lasmuigh den fheirm, cosúil le próiseáil bia agus luach breise, agus i gcruthú deiseanna do mhargáíocht áitiúil a dhéanamh ar an mbarrachas.

Cibé scéal é is ar mhná go minic a luíonn an dualgas tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag roinnt mhaith de na cláir ar mhná. Maidir leis seo, is cúis áthais dom é a lua gur choimisiúnaigh Cúnamh Éireann staidéar le déanaí chun iniúchadh a dhéanamh ar na naisc idir inscne agus talmhaíocht, ar an mbéim a leagann Cúnamh Éireann agus roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha ar scaipeadh sonraí faoi inscne ar fud na gclár ábhartha. Is mór agam é a fháil amach go bhfuil Éire ag stocaireacht ionas go nglacfaí le hinscne mar cheann de na ‘hardáin’ trasghearrthacha san atheagrú ar chóras GCTIT.

## **Freagairt trí bhealaí iltaobhacha**

Na trí Roinn Rialtais atá freagrach as caidreamh na hÉireann le heagraíochtaí iltaobhacha a bhainistiú ar shaincheisteanna talmhaíochta ná an Roinn Gnóthaí Eachtracha, an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus an Roinn Airgeadais. Seolann siad maoiniú an-suntasach chuig an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (EBT), an Ciste Idirnáisiúnta d’Fhorbairt Talmhaíochta (CIFT) agus an Clár Domhanda Bia (CDB) agus an Banc Domhanda chun tacú le cláir dhomhanda talmhaíochta.

## **Míchothú**

### **Freagairt dhéthaobhach cláir Chúnamh Éireann**

Ar na nithe is díol suntais tá straitéis nua tíre á forbairt i **Siarra Leon** a bhfuil cothú mar fhócas aici. Cuideoidh an clár seo le Rialtas Siarra Leon a bheartas náisiúnta cothaithe a chur i bhfeidhm ag díriú go háirithe ar iarrachtaí éagsúla atá ar bun chun míchothú a laghdú, ar thógáil cumais chun míchothú a chosc i measc leanaí atá faoi bhun aois a cúig agus máithreacha, go háirithe trí scagthástáil níos fearr agus atreorú chuig saoráidí sláinte.

Ar na cláir eile ar thacaigh Éire leo agus ar thug mé díol suntais dóibh tá siad seo a leanas: Sa **Tansáin**, tá Éire ag maoiniú tionscadal de chuid CÉINAL a thógann ar chumas ar na leibhéal náisiúnta agus ceantair chun cur le scála an chothaithe cíche agus an chothaithe comhlántaigh.

San **Aetóip**, tá Éire ag maoiniú Ciste Sláinte SFM an Rialtais, ag díriú go sonrach ar idirghabhálacha máthar agus linbh a áiríonn daingniú an chumais acmhainne daonna chun seirbhísí díreacha cothaithe agus sláinte a sholáthar chomh maith le cúram sláinte príomhúil saor in aisce a sholáthar do na mná agus leanaí is boichte.

Sa **Mhaláiv**, cuirtear tacaíocht ar fáil do Chlár Cothaithe an Rialtais, atá bunaithe ar Bhainistiú Pobail do Ghéar-Mhíchothú (BPGM), Oideachas faoi Chothú agus Foirtlúh Vitimín A. Déantar na cláir seo a chomhtháthú le gníomhaíochtaí comhlántacha in earnáil na talmhaíochta a fhéachann le feabhas a chur ar éagsúlú aiste bia na bhfeirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad.

Le linn 2009, thacaigh Éire le cur i gcrích suirbhé náisiúnta sa Mhaláiv, a ceapadh chun eolas iontaofa a bhailiú agus a anailísiú faoi mhicrea-chothaithe, a úsáidtear d'fhorbairt beartais agus cláir. Rinne an suirbhé tomhas sonrach ar leitheadúlacht na n-easnamh Vitimín A, iarainn, ainéime, iaidín, since, agus bhí sé ina ionchur tábhachtach i sainaitheint daonraí ardriosca, ina bhonn eolais do straitéisí agus chun bonnlíne a bhunú do bhailiú eolais amach anseo sa tír. Tá idirghabhálacha mar seo, a thacaíonn le bunú sonraí bonnlíne, riachtanach chun cláir iomchuí a fhorbairt agus chun meastóireacht a dhéanamh agus a dtionchar a thomhas.

Is cúis áthais dom é a lua go bhfuil Éire ina tacadóir níos láidre ná tacadóirí eile de **Chláir Líontáin Sábhála Shóisialta** i roinnt tíortha, atá ina aitheantas ar gur féidir le cláir mar seo, i gcás go bhfuil siad dírithe agus bainistithe i gceart, tionchar thar a bheith dearfach a bheith acu ar chothú i dteaghlaigh bhochta, leochaileacha. Táthar tar éis a léiriú go gcuidíonn aistrithe beaga, ach rialta, airgid do bhia feabhas ar cháilíocht agus ar chainníocht an bhia a itheann daoine.

Mar shampla i gcás chlár Rialtas na **hAetóipe** CLST, dá dtagraítear thuas, tá sé bunaithe ar aistrithe airgid agus bia atá saor in aisce (do theaghlaigh nach bhfuil aon bhall den teaghlach in ann obair) nó ar mhalairt/íocaíocht as oibreacha poiblí dlúthshaothair.

Sa **tSaimbia**, rinne Éire píolótú ar scéim nua aistrithe airgid i dtrí cheantar trí UNICET agus Aireacht na bPobal Forbartha agus Seirbhísí Sóisialta. Tar éis rath an chlár phíolótaigh, agus ag baint úsáide as an fhianaise arna soláthar ón gclár sin, fairsingíodh an clár sa bhliain 2010 chuig ceantair bhreise, ag spriocdhíriú ar theaghlaigh le leanaí óga a raibh droch-rátaí marthanachta leanaí agus sláinte máthar acu.

I dtuaisceart **Uganda**, tá Éire ag tacú le clár de chosaint nuálach shóisialta do thréadchúramaithe in Karamoja, atá ar an chéad cheann dá leithéid do phobal tréadach, agus a bhfuil tuairim is 90,000 duine, mná d'fhormhór, ag baint fóir as.

### **Freagairt na nEagraíochtaí Neamhrialtasacha**

Rinne eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha obair shuntasach le roinnt mhaith blianta anuas in earnáil an chothaithe. Go traidisiúnta bhí a fhorhmhór de seo i bhfoirm cúnaimh daonnúil le soláthar mar fhreagairt ar mhór-éigeandálaí bia. Anois tá formhór na hoibre díri i bhfoirmeacha cothaithe ina gcuid de chláir atá níos leithne ina raon, mar

shampla oideachas nó slite beatha. Tionscadail a bhfuil gné láidir chothaithe acu laistigh dá gcuspóirí.

Tá díol suntais ar leith ag baint le tionscadail a chuireann chun cinn comhtháthú an chothaithe le seirbhísí sláinte, i gcothú sláinteachais, i bhfeasacht faoi chothú, i soláthar saoraidí uisce agus sláintíochta níos fearr, chomh maith le tógáil cumais d'fhoireann an chothaithe ar leibhéal éagsúla agus i ranna éagsúla den rialtas. Chomh maith leis sin, chonaic mé roinnt oibre thar barr i soláthar cláir líontáin sábhála ag baint úsáide as teaghlaim d'airgead agus bia, chomh maith le taighde ar cuireadh tús leis le déanaí ar fheabhsú na dtorthaí cothaithe ó idirghabhálacha éagsúla talmhaíochta. Tá Cúnamh Éireann ag tacú leis an taighde seo.

Inár n-obair go léir ar chothú ba chúis iontais dom é an méid mór de thaithí sa ghort a bhailigh na mílte de na heagraíochtaí neamhrialtasacha i gcaitheamh na mblianta, go minic ar dtús i cláir cothaithe éigeandála, agus ina dhiaidh sin in obair forbartha níos fadtéarmaí san earnáil. Is fíorshócmhainn í seo agus is cúis áthais dom é a chur in iúl go bhfuil seo in úsáid chun treorú a dhéanamh ar ról na hÉireann, ar ról é atá ag méadú de shíor, i gcomhlíonadh na ngealltanais sa réimse seo.

Mar is amhlaidh sa talmhaíocht, féadfaidh an obair den scoth atá ar siúl ag gníomhairí éagsúla i réimse seo an chothaithe a bheith fiú níos ábhartha agus níos éifeachtaí fós dá mbeadh sé bunaithe i dtaighde láidir, agus an cumas a bheith ann eolas iomchuí a bhailiú agus anailís a dhéanamh air faoi thionchar an chláir. Chuirfeadh an dá ghné seo, i mo thuairimse, bonn níos eolasaí ar fáil don tionchar dearfach a bheith acu ar straitéisí agus ar bheartais na rialtas, rud atá ríthábhachtach le go mbeadh tionchar foriomlán níos fearr acu ar leibhéal na tíre, agus ar deireadh thiar thall ar leibhéal an teaghlaigh.

**VEID/SEIF** Rinne an Tascfhórsa Ocras tathant ar Éirinn leanúint ag tacú le bearta a bhfuil mar aidhm acu cosc a chur le leathadh amach breise VEID/SEIF agus galair eile, ach fós féin cur chun cinn a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le cothú níos fearr mar bhealach a dtionchar a mhaolú. Áiríonn formhór thacaíocht na hÉireann do chlár VEID/SEIF gné shuntasach cothaithe.

Mar shampla, sa **Mhósaimbíc agus i Leosóta**, tá ár bhfoirne ag obair le Fondúireacht Clinton chun tacú le pleananna náisiúnta le dul i ngleic leis an bpaindéim VEID agus SEIF. Aontaíodh go mbeadh fócas níos láidre fós, sa chéad chéim eile den chomhpháirtíocht seo, ag tosú amach i 2011, ar shláinte agus ar chothú máthar agus linbh. Le déanaí thosaigh an chomhpháirtíocht ag tacú le cláir chothaithe na nAireachtaí Sláinte sa dá thír, lena n-áirítear an cur i bhfeidhm céimneach ar chlár BPGM.

Bhí plé idir mé agus oifigigh Éireannacha faoin mBeartas agus Straitéis bheartaithe nua VEID agus SEIF, arna fhorbairt le linn 2010, a leagann béim ar neamhshláindáil bia do theaghlaigh mar mhór-chúisitheoirí na heipidéime, agus díreann go sonrath ar ocras agus



ar VEID/SEIF, rud a dhearbhaíonn go mbeidh cláir na hÉireann chun tacú le VEID agus SEIF amach anseo breithmheasta trí ‘lionsa an ocrais’, beidh siad comhordaithe níos fearr le cláir laghdaithe ocrais, go háirithe idirghabhálacha spriocdhírthe cothaithe.

## **Gníomhaíocht rialachais agus ceannaireachta a chur chun cinn**

I ngach ceann dár gceithre Chláir ar thug mé cuairt orthu fuarthas go raibh Éire ag obair go dlúth leis an rialtas agus le comhpháirtithe eile chun cuidiú beartais níos láidre agus níos iomchuí a cheapadh le dul i ngleic le hocras. Go deimhin féin, bhí na tosaíochtaí ó thaobh na talmhaíochta agus an mhíchothaithe a shainaithin TFO na hÉireann ina gcláir oibre den scoth do na hiarrachtaí stocaireachta sin agus tá siad ag teacht go maith leis na tosaíochtaí atá ag daoine eile lena n-áirítear rialtais, deontóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí na NA a mbimid i dteagmháil leo.

I gcruinnithe arna n-óstáil le hionadaithe Rialtais le linn mo chuairteanna, bhí mé ag obair i gcomhar le hoifigigh Éireannacha go háirithe ar son na nithe seo a leanas:

- Go ndéanfadh rialtais iarrachtaí speisialta spriocanna a bhaint amach arna socrú ag comhdháil an AA i Mapútó sa bhliain 2003 go gcaithfí ar a laghad 10% dá mbuiséid ar thalmhaíocht;
- Seasamh níos lárnaí don chothú laistigh de struchtúir rialtais agus naisc níos láidre idir talmhaíocht agus torthaí cothaithe;
- Béim níos mó ar infheistiú in earnáil na sealbhóirí beaga agus go háirithe cur chun cinn ar thorthaí níos dearfaí do bhanfheirmeoirí;
- Monatóireacht níos fearr ar thionchar na gclár i ngach earnáil a bhaineann le slándáil bia chun a gcost-éifeachtacht a mheas.

Mar dheontóir cuíosach beag, ach dírithe, tá ‘suíochán maith ag an mbord’ ag Éirinn i roinnt mhaith tíortha – seasamh ar féidir úsáid a bhaint as chun tosaíochtaí ar leith na hÉireann a chur i láthair agus tionchar a imirt ar chinntí tábhachtacha beartais atá ríthábhachtach ar bhonn náisiúnta agus, níos tábhachtaí fós, ar bhonn leibhéal bia an teaghligh.

Dul chun cinn measartha measctha a bhí ann i ndáil le leasú institiúideach in earnáil na talmhaíochta i gClárthíortha na hÉireann, ámh. I roinnt tíortha, go háirithe na tíortha sin a ghlac le tosaíochtaí CCFTA, bhí dul chun cinn ar bheartais agus ar chreata a fhorbairt a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le hocras ar bhealach cuimsitheach. I dtíortha eile, is féidir leis an gcomhleanúnachas seo a bheith in easnamh agus is féidir le beartais a bheith pas beag as alt. Ar an gcaoi chéanna i ndáil le baint mach seasamh níos láidre don chothú i struchtúir rialtais, bhí an dul chun cinn mall, cé go bhfuiltear ag súil go mbeidh níos mó fuadair faoi seo i gcomhthéacs na tosaíochta breise a thabharfar don cheist

Sa bhaile, creidim go bhfuil dul chun cinn suntasach ar bun cheana féin i gcur chun cinn an chomhleanúnachais idir-rannaigh i soláthar chlár cúnaimh na hÉireann. Maidir leis seo, aithním obair an Tascfhórsa Ocrais a bunaíodh le déanaí, chomh maith leis an ról leanúnach a bheadh ag Coiste Idir-rannach ar Fhorbairt le raon níos leithne. Táthar ag tacú go daingean leis na hiarrachtaí seo.

I ndáil le saincheist níos leithne an chomhleanúnachais ar fud an rialtais ar nithe cosúil le hidirbheartaíocht trádála (agus go háirithe a thionchar ar na bochtáin agus ar dhaoine ocracha i dtíortha i mbéal forbartha) ar na nithe is díol suntais a bhain leis seo i mo thuairim ó roinnt plé a bhí agam ar an ábhar, bhí an gá le go mbeadh anailís agus sainathint na saincheistanna níos bunaithe ar fhianaise ann, go háirithe taighde ar réimsí a raibh na seasaimh a bhí á ghlacadh ag daoine ina leith ina seasaimh ‘neamh-chomhleanúnacha’. Ar bhonn na fianaise sin bheadh sé indéanta plé níos oscailte, níos eolasaí a bheith ann leis na grúpaí sainleasa sin in Éirinn is mó a bheadh thíos leis e.g. earnálacha na feirmeoireachta agus an bhia. Chuideodh an plé sin bonn eolais níos fearr a sholáthar d’idirbheartaíocht amach anseo.

Moladh ar leith ar leag an Tascfhórsa Ocras béim air ná cuntasacht agus go háirithe rialtais a bheith cuntasach i leith na ngealltanais a rinne siad chun dul i ngleic le hocras. Luaigh an TFO, go raibh modh iontaofa chun monatóireacht agus tuairisciú ar na gealltanais sin in easnamh, faraor. Maidir leis seo, is cúis áthais dom é go ndearna Éire coimisiúnú ar an Institiúid um Staidéir Forbartha (ISF), ag obair i gcomhar le roinnt páirtithe sa tsochaí shibhialta, chun modh cuntasachta dá leithéid a chruthú. Seo léiriú eile i mo thuairim ar an ngealltanais freagairt go dearfach do mholtaí an TFO.

### **An Timpeallacht Idirnáisiúnta**

Agus breis is trian de Chúnammh Forbartha Coigríche na hÉireann á threorú trí mheán eagraíochtaí iltaobhacha, ní foláir d’Éirinn leibhéal ard tábhachta a chur lena chinntiú go bhfuil freagairt chomh leanúnach agus is féidir ann ó na NA agus ó chomhlachtaí iltaobhacha eile ar shaincheistanna ocras.

Maidir leis seo, ní miste a mheabhrú gur comh-chur chuige comhordaithe é rannpháirtíocht na hÉireann i measc na dtír Roinn Rialtais is mó a bhíonn ag plé le saincheistanna ocras, viz. An Roinn Gnóthaí Eachracha, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Éascaíodh an obair seo le bunú Fhoireann Neamhspleách an Tascfhórsa Ocras agus an obair leanúnach a bhíonn ar bun ag Coiste Idir-rannach na Roinne.

I measc na hoibre a cuireadh i gcrích maidir leis seo, ba mhaith liom aird ar leith a tharraingt orthu seo a leanas:

- Tacaíocht do **Thascfhórsa Ardleibhéil na NA** (TAL) arna bhunú sa bhliain 2008 chun comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na gníomhaireachta de chuid na NA i leith na géarchéime domhanda ocras. Bhí Éire ar cheann de na chéad tíortha maoiniú a sholáthar do Rúnaireacht an TAL agus ó shin i leith tá an tír ar cheann dá stocairí is láidre. D’áirigh seo comh-óstáil a dhéanamh le Concern Worldwide agus an TAL é féin ar chomhairliúchán idirnáisiúnta le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a rinne leasú agus nuashonrú ar Chreat Cuimsitheach na NA don Ghníomhaíocht, cáipéis straitéise ag soláthar comhairle do thíortha agus do ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta faoi réadú na SFManna ó thaobh an ocras de. Cuimsíonn an cháipéis seo fócas athnuaite ar thorthaí comhtháthaithe cothaithe, aitheantas do na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, agus béim ar an gcur chuige a bhaineann leis an gceart-chun-bia.

- An tacaíocht an-láidir leanúnach d'obair an **CDB** gníomhaireacht líne tosaigh dhaonnúil agus éigeandála na NA (féach bosca thíos).
- An ról níos réamhghníomhaí atá ag Éirinn anois mar bhall de Bhord **CIFT**, agus an teachtaireacht atá againn anseo anois ná an Ciste a spreagadh le glacadh le seasamh atá níos mó ar son na mbochtán (i.e. i bhfabhar sealbhóirí beaga), chun díriú níos mó is níos mó ar an Afraic Fho-shahárach, agus seasamh a ghlacadh chun oiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn, maille le maolú an athraithe aeráide.
- Stocaireacht leis an **mBanc Domhanda** le go ndéanfaí breis acmhainní a infheistiú sa talmhaíocht agus sa chothú.

### An Clár Domhanda Bia

I dtionscnamh nua a bhfuil mórfháilte roimhe, d'athdhírigh an CDB a oibríochtaí trí straitéis cúnaimh bhia níos cuimsithí a fhorbairt laistigh de raon uirlisí níos leithne chun dul i bhfeidhm ar shlándáil bia. D'áirigh an straitéis seo an fhorbairt dá chlár Ceannach don Fhorbairt (P4P) tríd an Tascfhórsa Ocras, mar a bhféachann an CDB lena chlár ceannacháin domhanda bia a úsáid chun cuidiú feirmeoirí a nascadh le margaí, agus sa phróiseas sin soláthar áitiúil agus ioncam a spreagadh in earnáil talmhaíochta na sealbhóirí beaga. Tá Éire ag soláthar tacaíochta don chlár seo i Siarra Leon agus sa Libéir, go sonrach ag tacú le forbairt na próiseála bia agus rochtain na bhfeirmeoirí ar mhargaí.

Tá caidreamh na hÉireann agus clár oibre na hÉireann le CDB ina cheann ríthábhachtach chun dul i ngleic le riachtanais ghearrthéarmacha dhaonraí ocracha an domhain trí thacaíocht ollmhór a thabhairt d'idirghabhálacha éigeandála, agus nuálaíocht bhreise a spreagadh sna bealaí ina n-oibríonn CDB. Mar bhall ionchasach den Bhord Feidhmiúcháin tá an fhéidearthacht aige ról níos lárnaí a ghlacadh sna forbairtí seo.

**Próisis Leasaithe na Timpeallachta** Ag teacht le moltaí an TFO, bhí Éire ina stocaire láidir do phróisis an athraithe atá ar bun anois i roinnt comhlachtaí agus institiúidí atá bainteach le freagairtí don ocras agus don tslándáil bia. Ina measc tá:

- Comhtháthú níos fearr a chur chun cinn in obair gach **gníomhaireachta i gcóras na NA** i dtíortha atá i mbéal forbartha;
- Tá an **Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (EBT)** ina dhéanamh níos éifeachtaí agus níos freagarthaí;
- An **Coiste do Shlándáil Bia (CSB)**, d'fhonn cur chun cinn a dhéanamh ar bheartais níos comhleanúnaí, agus comhordú a dhéanamh ar bhearta domhanda sa talmhaíocht agus sa bhia araon.
- **Buanchoiste na NA um Chothú (BCC)** ag féachaint le comhlachtaí níos fearr a bheith ann do chothú domhanda a chuideodh comhordú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar fhreagairtí cothaithe.

I bhfianaise thromchúiseacht an riachtanais, agus tábhacht an ról a d'fhéadfadh bheith ag na comhlachtaí seo, tá cuma mhall fós ar luas an leasaithe. Mar sin ba chóir go mbeadh mar ról ag Éirinn leanúint leis an dlúth-rannpháirtíocht i bpróisis éagsúla agus oibriú le rialtais eile leasú níos gasta agus níos iomchuí a lorg.

## Iarscríbhinn 2 – Bail An Tascfhórsa Ocráis

### **Joe Walsh**

*Cathaoirleach*

Iar-Aire Talmhaíochta, Bia, Rialtas na hÉireann

### **Nancy Aburi**

Speisialtóir sa Chumarsáid Forbartha

### **An Dr Pamela Anderson**

Ard-Stiúrthóir, Ionad Idirnáisiúnta Prátaí, Líoma, Peiriú

### **Tom Arnold**

Príomhfheidhmeannach, Concern Worldwide

### **Bono**

Príomhamhránaí le U2 agus gníomhaíoch

### **Kevin Farrell**

Iar-Stiúrthóir Tíre agus Ionadaí, CBD na Siombáibe agus CBD na Somáile

### **An tOll. Michael Gibney**

Coláiste na nEolaíochtaí Beatha,  
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

### **An tOll. Lawrence Haddad**

Stiúrthóir, UK Institute  
of Development Studies

### **Justin Kilcullen**

Stiúrthóir, Trócaire

### **An tOll. Denis Lucey**

Coláiste Ollscoile, Corcaigh, agus  
Cathaoirleach, Gorta

### **Aidan O'Driscoll**

Ard-Rúnaí Cúnta,  
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

### **An tOll. Jeffrey Sachs**

Stiúrthóir, Institiúid Domhanda, Ollscoil  
na Colóime agus Comhairleoir Speisialta  
d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe

### **Josette Sheeran**

Stiúrthóir Feidhmeach, CBD

### **Sheila Sisulu**

Stiúrthóir Feidhmeach Cúnta, CBD

### **Brendan McMahon**

Rúnaí an Tascfhórsa  
Ambasadór na hÉireann  
chuig an Afraic theas

## **Iarscríbhinn 3 – Téarmaí Tagartha An Toscaire Speisialta Ocráis**

1. Oibriú go dlúth le hAirí agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun Tuarascáil an Tascfhórsa Ocráis a thabhairt chun tosaigh agus cuidiú le hiarrachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta chun ocras agus neamhshlándáil bia a laghdú. Freastal ar chruinnithe agus ar chomhdhálacha de réir mar a éilítear sin;
2. Caidrimh a bhunú le daoine lárnacha in eagraíochtaí comhphárteacha (lena n-áirítear rialtais chomhphárteacha, gníomhaireachtaí speisialaithe na NA, cistí agus cláir, agus eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile idir-rialtais nó idirnáisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha agus eachtracha, agus grúpaí agus líonraí eile na sochaí sibhialta);
3. Cuidiú le sainiú a dhéanamh ar chláir oibre idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le hocras domhanda agus le neamhshlándáil bia, agus freagairtí éifeachtacha a cheapadh do spriocanna agus do chuspóirí idirnáisiúnta, agus go háirithe sprioc ocráis SFM;
4. Tuairiscíú d'Airí faoin dul chun cinn i leith chur i bhfeidhm mholtaí an Tascfhórsa Ocráis agus an dul chun cinn ar idirghabhálacha laghdaithe ocráis ar bhonn idirnáisiúnta;
5. Comhairle a chur ar Airí faoi thionscnaimh féideartha laghdaithe ocráis a d'fhéadfadh cur le luach iarrachtaí laghdaithe ocráis na hÉireann;
6. Tuarascáil bheacht faoi chúrsaí ocráis a chur ar fáil faoi lár 2010 a leagfaidh amach
  - forbheathnú ar scála agus ar éifeachtacht na freagartha idirnáisiúnta agus náisiúnta chun dul i ngleic le hocras domhanda agus le neamhshlándáil bia i gcomhthéacs Thuarascáil an Tascfhórsa Ocráis; agus
  - comhairle faoi na ceachtanna foghlamtha a d'fhéadfadh bonn eolais a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus beartais laghdaithe ocráis amach anseo.

## Acrainmneacha / Gluais Téarmaí

**AE** An tAontas Eorpach

**BCC** Buainchoiste um Chothú

**BPGM** Bainistiú Pobail ar Ghéar-Mhíchothú

**BTULU** Bia Teiripeach Ullamh le hÚsáid

**CCFTA** Clár Cuimsitheach Forbartha Talmhaíochta na hAfraice

**CDB** Clár Domhanda Bia

**CÉINAL** Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí

**CFC** Cúnamh Forbartha Coigríche

**CFET** Clár Forbartha Earnáil na Talmhaíochta

**CIFT** Ciste Idirnáisiúnta d'Fhorbairt Talmhaíochta

**CLNA** Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe

**CLST** Clár Líontáin Sábhála Táirgiúlachta

**CNAMP** Ciste na Náisiún Aontaithe ar Mhaithe leis an bPobal

**CNFA** Comhpháirtíocht Nua d'Fhorbairt na hAfraice

**CSB** Coiste do Shlándaíl Bia

**EBT** An Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta

**ECFE** Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

**EN** Eagraíocht Neamhrialtasach

**GCTIT** Grúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta

**IFPRI** International Food Policy Research Institute

**ISF** Institiúid um Staidéir Forbartha

**LRT** Laghdú Riosca Tubaiste

**MC** Creat Méadaithe Cothaithe

**NA** Na Náisiúin Aontaithe

**OTI** Olltáirgeacht Intíre

**P4P** Ceannach don Fhorbairt (Purchase for Progress)

**RA** An Ríocht Aontaithe

**SA** Stáit Aontaithe

**SFM** Spriocanna Forbartha na Mílaoise

**TAL** Tascfhórsa Ardleibhéil

**TFO** Tascfhórsa Ocras

**USAID** United States Agency for International Development

**VEID/SEIF** Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna/Siondróm Easpa Imdhíonachta Faighte

Samhain 2010

